Gaelscoil na Lochann

Ráiteas ón mBord – Feabhra 2016 / *Statement from Board of Management*

Bhuail an Bord le chéile Dé Máirt, 9ú Feabhra 2016.

Cúrsaí Foirne
Glacadh le hiarratas Mhúinteoir Niamh Ní Chearúil a sos gairme a shíneadh go ceann bliana eile. Fostófar múinteoir ar bhonn sealadach ina háit ar feadh an achair sin.

Bunaithe ar líon na ndaltaí sa scoil, tá súil ag an mBord múinteoir breise a fhostú ar bhonn buan sa scoilbhliain nua.

Traid @ an Tram
Ba mhaith leis an mBord tréaslú le Coiste na dTuismitheoirí as *Traid @ an Tram*, an sárcheolchoirm a d'eagraigh siad Dé Sathairn 6ú Feabhra. Míle buíochas leo, maraon le Seán Keane, agus leis na ceoltóirí agus na daltaí go léir a ghlac páirt sa cheolchoirm.

An Ghaeilge
De réir mar atá an scoil ag fás, ba mhaith linn tacaíocht a lorg ó phobal iomlán na scoile le cinntiú go labhraítear Gaeilge go forleathan ar fud áitreamh na scoile. Iarraimid ar thuismitheoirí a bpáistí a spreagadh chun í a labhairt sa chlós agus sa charrchlós – agus a ndícheall a dhéanamh an Ghaeilge a labhairt iad féin ag am teachta agus imeachta.

Má tá aon mholadh ag éinne maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn sa scoil, go háirithe sa charrchlós, d'fháilteofaí roimhe ag cathaoirleach@gaelscoilnalochanna.com.

Clárúchán
Glacfar le le 30 dalta i rang na Naíonáin Shóisearacha don scoilbhliain 2016-2017. Cuirfear ainmneacha na n-iarrathóirí nár éirigh leo áit a fháil ar liosta feithimh.

"Bunscoil Beo" ar TG4
Tá an Bord ag tnúth go mór le pobal na scoile a fheiceáil ar an gclár teilifíse *Bunscoil Beo*, a chraolfar ar TG4 ag 8pm Domhnach Cásca, 27ú Márta.

Buailfidh an Bord le chéile arís ar an gCéadaoin, 6ú Aibreán 2016, 8 a chlog i.n.

The Board met on Tuesday, 9th February 2016.

Staffing
The application of Múinteoir Niamh Ní Chearúil to extend her career break for another year was approved. A teacher will be appointed on a temporary basis for the duration of her absence.

Based on pupil numbers, the Board hopes to employ an extra teacher in a permanent capacity in the coming school year.

Trad @ the Tram
The Board would like to congratulate the Parents' Association for Trad @ the Tram, the wonderful concert they organised on Saturday 6th February. Many thanks to them, as well as to Seán Keane, and to all the musicians and pupils who took part in the concert.

Irish
As the school expands, we would like to ask for the support of the whole school community to ensure that Irish is widely spoken throughout the school premises. We ask parents to encourage their children to speak Irish in the yard and in the carpark – and to do their best to speak Irish themselves at drop-off and pick-up times.

If anyone has any suggestions regarding the promotion of Irish in the school, especially in the carpark, they would be welcome at cathaoirleach@gaelscoilnalochanna.com.

Enrolment
30 pupils will be accepted for the 2016-2017 Junior Infants class. The names of the unsuccessful applicants will be placed on a waiting list.

“Bunscoil Beo” on TG4

The Board is looking forward to seeing our school community on the television programme Bunscoil Beo, which will be broadcast on TG4 on Easter Sunday, 27th March, 8pm.

The Board will meet again on Wednesday, 6th April, 2016.